Baile uilig bun ós cionn

Agus stócaċ óg ba ċúis leis

Tá an baile fearann uilig ag scaṁláil eatorṫa féin." adúirt fianaise de ċuid na nGardaí ag Cúirt Dúiċe an Ḟálċarraiġ nuair a glaoḋaḋ air le fianaise a ṫaḃairt ar son an ġéaranaí i gcúis siḃialta as ionnsaí.

Liam Ó Aignig. a ḃean, Ṁaiġréad Bean Uí Aignig ⁊ a ṁáṫair ċéile, Gráinne Bn. Mic Cumail, Cnoc an Ċaisleáin, Gort an Ċoirce, a ṫug toġaġairm as ionnsaí in éadan a gcomarsa béal dorais. Caṫal Ó hEarcain (Óg), agus a ṁáṫair, Máire Bean Uí Earcain, den ḃaile fearann céanna.

Ḃí P. Mac Maṫúna ar son an ġearánaí agus P. Ó Domhnaill, T.D., ar son na gcosantóirí.

Dúirt an tUasal Mac Maṫúna go raḃ droċ intinn idir an dá ḋream agus ó am go h-am ḃris sé amaċ. Milleaḋ an saol ar ċliantaí, cé gur ġlac siad gaċ céim a b'féidir le smaċt a ċoinneáil ar na comarsain agus le coinneáil amaċ ó ċás Cúirte. Cúpla bliain ó ṡoin ḃí cás Cúirte den ċineál céanna eatorṫa.

Ar an 7ú lá de Lúnasa seo ċaite ḃí Liam Ó hAignig ag déanaṁ cóiriú ar ḃealaċ mór nuair a ṫáinig na hEarcain agus ċuir siad isteaċ air féin agus ar a ḃean. B'éigean do na hAignig an cás Cúirte seo a ṫaḃairt indiaiḋ trial a ḃaint as gaċ meán eile ċun ḃeiṫ beo go síoċanta. Ḃí siad ag iarraiḋ ar an Ċúirt anois na daoine seo a ċur fé ḃannaí nó, mur gcuireaḋ, leanfaḋ an t-aċrann seo. Dúirt Liam Ó hAignig go raḃ sé ag glanaḋ a n ḃealaċ in aice le teaċ Uí Earcain nuair a ṫáinig Caṫal Óg Ó hEarcain amaċ agus ṫoisig sé a ṫaḃairt masla do ḃean Ó hAignig. Ḃí sise ina seasaṁ ag an doras. Ċuaiġ an ḃeirt acu i ngreimeanna le na ċéile. Indiaiḋ sin leag Caṫal Ó hEarcain an ḃean agus ṫug sé cic díṫe, ansin ḃuail sé Bean Mic Cumail ṫar an ċeann leis an hoe agus ṫug sé buile ins an ġaotsan díṫe. Ḃagar Ó hEarcain óg nuair a raċaḋ Ó hAignig arais go h-Albain go mairfeaḋ sé a ḃean. Ag freagairt ceiste ón Uasal Ó Domhnaill dúirt sé go raḃ sé dá ṁí sa Ḃreatain agus nar cuireaḋ isteaċ ar a ḃean i riṫ an ama.

Dúirt Maiġréad Bean Uí Aignig gur ḃruig Bean Uí hEarcain í isteaċ san sceiċ agus gur ḃuail Ó h-Earcain óg í ar an taoḃ. Ḃí sí anois beo fá eagla. Ag taḃairt freagra ar an Uasal Ó Domhnaill dúirt sí naċ dearnaḋ doċar ar biṫ díṫe de ṫairbe an ruda seo. Aċ le oċt mí déag ḃí Caṫal Ó hEarcain ag taḃairt masla díṫe. Dúirt Gráinne Bean Ṁic Cumaill gurḃ é an ċéad rud a ċonaic sí na a h-iníon ina luí ins an sceiċ. Ḃuail Caṫal óg Maiġréad agus ansin ḃuail sé Bean Ṁic Cumaill féin ar an ċeann leis an hoe agus ṫug sé buile sa ġaotsan díṫe.

Dúirt an Garda Mac Guiḋir, an Fálċarraċ, gur glaoiḋeaḋ ċuig an áit seo é cúpla uair. Nuair a ḃí Ó hAignig ag dul arais go hAlbain d'iarr sé air súil a ċoinneáil ar an áit nó go raḃ trioblóid leis na hEarcain. Ní dearn Bean Uí Aignig gearán ariaṁ faoi Ċaṫal Ó hEarcain óg a ḃeiṫ ag taḃairt masla díṫe. Indiaiḋ an rud seo ċuaiġ sé go dtí an dá teaċ. Ḃí gearán ag na hEarcain go raḃ na hAignig ag caiṫeaṁ buidéil isteaċ sa páirc. Dúirt Bean Uí hEarcain gur ḃuail Liam Ó hAignig í leis an hoe agus gur briseaḋ cnáṁ ina láiṁ. D'iarr an tUasal Mac Maṫúna ar an Ġiúistís rud éigean a ḋéanaṁ a ċuirfeaḋ ar ċum-as an ġearánaí ḃeiṫ beo fá ṡíoċán. "Dá mbeaḋ múineaḋ ar Ċaṫal Óg Ó hEarcain," adúirt sé, "ḃeaḋ réiteaċ ar an trioblóid uilig."

An Giúistís — Tá eagla orm gur Caṫal Óg Ó hEarcain an ċúis leis an trioblóid go léir. Ḃéarfaiḋ mé raḃaḋ don dá ḋream. Má ċuireann siad isteaċ ar a ċéile san am atá le teaċt beiḋ cúis trom ann. D'iarr an Giúistís Ó Lorcain annsin ar Ċaṫal Ó hEarcain geallúint a ṫaḃairt gan cur isteaċ ar na hAignig nó Bean Ṁic Cumaill agus ṫug an cosantóir an ġeallúint seo. Ċuir sé siar an toġaġairm annsin go dtí Meán Ḟómair.

AG TROID AR AN FÁLĊARRAĊ

Teárma príosúin do ċeaṫrar

Cúisiḋ Pádraig Ó Gallċoḃair. Fálċarraċ, Brian Ó Fearraiġ, Baile Nua, Pádraig 'Ac Grianna. Croiċlí, Doimnic Ó Gallċoḃair, Ard Donn, Dú beag. Miċeál de Faoite, Croiċlí, Seán S. Mac Páidín, Baile Nua. Fálċarraċ, agus Seosaṁ Mac Ḟionnġaile, Druim na Tine. Fálċarraċ, as a ḃeiṫ ar meisce agus aċrannaċ agus Mac Ḟionnġaile as cur i gcoinne ⁊ cosc a ċur leis an tSáirsint Ó Domhnaill agus an Garda Ó Siaġail ag déanaṁ a ndualgaisí agus Mac Páidín an rud céanna. Ḃí an Cigire Muiriḋ ag cúisiú ⁊ P. Mac Suiḃne ar son Ó Fearraiġ, Mac Páidín agus Pádraig Ó Gallċoḃair, agus Seosaṁ Mac Ḟionnġaile. Ḃí P. Ó Domhnaill, T.D., ar son De Faoite, Doimnic Ó Gallċoḃair agus Pádraic Mac Grianna. Tárla na cúiseanna as troid ar ṡráid an Ḟálċarraiġ ar 11 a'ċlog oíċe Ḋomhnaiġ agus nuair a ċuaiġ an Sáirsint Ó Domhnaill agus an Garda Ó Siaġail go dtí an áit fuair siad De Faoite agus Pádraig Ó Gallċoḃair i gcuma troda, a gciúnaḋ ag a gcairde. Dúirt an Sáirsint Ó Domhnaill go raḃ Pádraig Ó Gallċoḃair agus Miċeál Mac a' Ḃáird á gcoinneáil óna ċéile. Ḃí cuma ar Ó Gallċoḃair go raiḃ sé ar meisce agus ḃí marc ar a ġaotsan. Ḃí caint ḃagartaċ ag an ḃeirt cosantóir agus ḃí cuma air go raḃ luċt tacaíoċta ag an ḃeirt acu. Ḃí scaifte ag gríosaḋ Ó Gallċoḃair agus De Faoite ⁊ ḃí Pádraig Mac Grianna ag riṫ ṫart ag gríosaḋ De Faoite le troid a ċur ar Ó Gallċoḃair. Ḃí Seán S. Mac Páidín ar meisce agus aċrannaċ agus droċ ċaint aige. Ċuir sé in éadan na nGardaí agus ċuir sé isteaċ orṫa ag déanaṁ a gcuid oibre. Ḃí an droċ-ċaint ag Brian Ó Fearraiḋe. Ag taḃairt freagra ar an Uasal Mac Suiḃne, dúirt sé naċ raḃ iarraċt ar biṫ ar ionnsaí a ḋéanaṁ air. Ar son na gcosantóirí as Gaoṫ Doḃair, dúirt an tUasal Ó Domhnaill naċ raḃ De Faoite ag ól agus dá ḃarr sin go raḃtar anuas air ó na daoine a ḃí ag ól. Ċuaiġ a ċliont isteaċ i siopa éisc agus préataí an oíċe sin agus ḃí triúr nó ceaṫrar fear ag stánaḋ orṫa agus iad ag ite. Ḃuail duine acu seo Doimnic Ó Gallċoḃair agus annsin fuair siad iad féin imeasc scaifte meisceoirí. Dúirt De Faoite go raḃ sé ag obair le Bord Solaṫár an Leictreaċais agus naċ raḃ sé ag ól. Tiontaiġ Doimnic Ó Gallċoḃair ṫart ins an tsiopa éisc agus préataí agus ḃuail Brian Ó Fearraiġe san ḃéal é lena ḋorn. Nuair a ḃí seisean ag tógáil Doimnic Ó Gallċoḃair ḃuail Pádraig Ó Gallċoḃair é ó'n ċúl agus ṫug sé buile arais do. Ḃain siad díofa na cótaí ansin aċ ḃí fir á gcoinneáil siar ó troid. San ċros ċeistniú ag an Uasal Ó Muiriḋ dúirt sé nar ṫeastaiġ uaiḋ dul isteaċ i dtrioblóid ar biṫ. Ba é seo an céad aċrann a raḃ sé ann. Dúirt an tUasal Mac Suiḃne ṫar ċeann Pádraig Ó Gallċoḃair, Brian Ó Fearraiġe agus Seán S. Mac Páidín go raḃ siad ag adṁail an ċoir. Ba daoine fiúntaċa iad agus ní ḃeaḋ siad ina leiṫéid de aċrann de ġnáṫ.

Giúistís: Obair náireaċ a ḃí ann agus tá mé gaḃáil a ċur stop leis. Dúirt an t-Uasal Ó Domhnaill gur ṁaoiġ an tUasal Mac Suiḃne gur b'é De Faoite a ba ċionntaiġ leis aċ níor ṫug sé fianaise ar biṫ fá na ċoinne seo. D'inis a ċuid ċlients a scéal san Ċúirt agus ní raḃ fianaise ar biṫ eile fan rud seo aċ é sin.

Ṫug an Giústís Ó Lorcain breiṫ príosúntaċta ar an ċúis meisce agus aċrannaċ in éadan Pádraig Ó Gallċoḃair, Brian Ó Fearraiġe. Domnic Ó Gallċoḃair agus Seán S. Mac Páidín. Ċáiṁ sé Pádraig Mac Grianna £4 ⁊ lig sé Seosaṁ Mac Ḟionnġaile amaċ faoi Aċt na gCéad Coir aċ de ṫairbe ḃeiṫ ag cur i gcoinne na nGardaí; ċuir sé Mac Grianna, De Faoite agus Mac Ḟionnġaile faoi ḃannaí go cionn dá ḃliain.

CARNA

Dé Máirt na seaċtaine seo, ṫosnaiġ na ranganna lae i gCarna, agus ḃí scata maiṫ óġánaiġ le tosnú orṫa. Ar ndóiġe, ḃeaḋ i ḃfad níos mó dá mbeaḋ an scoil réiḋ ag tús na bliana, aċ ní ar an ċoiste a ḃí an loċt, leis an stailc tógálaiṫe i mBaile Áṫ' Cliaṫ agus eile.

Tá an foirgneaṁ nua go h-álainn ar fad, agus is breá do na malraí a ḃfuil caoi acu le leanúint d'oideaċas anseo. Tá gaċ cosúlaċt air go mbeiḋ an raṫ ar Scoil nua Ċarna, agus gur ag méadú agus ag méadú go tapaí a ḃéas sí.

Ḃeiḋ na daoine a ċláraiġ an tseaċtain seo, in ann dul ar aġaiḋ go dtí cúrsaí na darna bliana i Meán-Ḟómair seo ċugainn, agus is cinnte go mbeiḋ slua an ṁór ag teaċt isteaċ go dtí an scoil i Meán-Ḟómair.

Ansin, beiḋ cúrsaí dá-ḃliana faoi lántseoil. San oíċe Dé Máirt, cláraíoḋ daoine fásta fá ċoinne trí cinn de ranganna oíċe a ḃeiḋ ar siúl san oíċe san scoil nua.

Tá socraiṫe déanta ċun craoḃ do Ṁuinntir na Tuaiṫe a ḃunú i gCarna. Ḃí an réiṁ-ċruinniú ann an tseaċtain seo caite, agus ḃí scata réasúnta i láṫair. Ḃeiḋ cruinniú eile i gceann seaċtaine nó mar sin.

Tá ana ċaint insan taoḃ ṫiar do Ċonamara faoi an scrios atá dá ḋéanaṁ ag madraí ar na caoire, go h-áiṫrid timpeall an Cloċán agus Fál na gCaorac. Ċaill fear aṁáin 12 caoraċ in aon oíċe aṁáin, agus ċaill daoine eile uiṁir éigin caoraċ. Táṫar ag déanaṁ iarraċt tréan leis na madraí do ṫóraíoċt, aċ níor ṫánagas suas leo fós.

Ag cruinniú cinnbliana Muinntir na Tíre, in halla Ṁuire, Tulaċ, laḃair an tAṫair Ó Móráin, Cluan Cearḃáin, faoi an plean deiċ-bpointe leis an Iarṫair a ṡáḃáil. Ḃí slua an ṁór i láṫair. Toġaḋ an tAṫair Tuffaiġ, S.C., mar ċaṫaoirleaċ; An Dr. A. M. Ó Floinn, mar leas-ċaṫaoirleaċ; Miċeál Ó Néill, O.S., mar rúnaí agus Seán de Ḃailis mar cisteoir.

Ḃí an ḟarraige súite go maiṫ leis na stoirmeaċa ó ṫús na bliana, agus tá sin le feiceáil insan méid saġasanna éisc naċ ḃfacṫas mórán faoin cósta seo roiṁe, ag siabaḋ isteaċ ar ċladaċ Inis Turbot agus Inis Toirc. Ḃí cuid acu marḃ, agus cuid acu curṫa i dtír. Ar an saġas ba ċoitianta ḃí trosc agus ling. Nuair a fosclaíoḋ iad, fuair na daoine amaċ go raiḃ na gills plúcta le gaiṅiṁ agus deirtear gur é an rud a plúcaḋ na h-éisc ná ḃárr.

Toraḋ níos fearr den stoirm 'sea an méid scata mara agus feamainn atá dá ḃailiú ar ċóstaí Ċonamara, go h-áiṫrid tá fáilte mór roiṁ an cuarlaċ — saġas feamáinn a ḃfuil suas le £20 an tonna le fáil air nuair atá sé triomaiṫe. Fágaḋ é ós cionn líne an taoide, agus ní raiḃ le déanaṁ ag an luċt cruinniṫe aċ é a ċruinniú ina ċlampaí móra le triomú. Táṫar ag déanaṁ airgead maiṫ air.

Tá oiḃriṫe Bord Soláṫar an Leictreaċas gnóṫaċ timpeall Ċarna san am i láṫair. Táṫar ag reaḃsú an sruṫ leictreaċ agus ag cur suas cuaillí do soilse poiblí níos fearr. Ḃeiḋ níos mó soilse sráide ann. agus táṫar ag leaṫnú an cuṁaċt leictreaċ go dtí an ġairm-scoil nua.

Tá Cumann Peile an Ċloċáin ag dul ar aġaiḋ go breá, agus ċeana féin tá iarrataisí istiġ acu ar cúrsaí na mionúr soisear agus na n-óġánaiġ ins na cluiċí ceannais condae.

Tá caint go ḃfuil capaillíní Ċonamara le cur amaċ go Thailland, an áit a ḃfuil an Arm ansin ag braṫ iad a úsáid ansin don ṁarcslua. Sin é an plean atá ag Prince Chameloot, atá tar-éis tréiṁse do ċaiṫeaṁ ar sáile anseo. Is é an tríú uiḃre

Gaoiḃearra

Ag an Ċúirt Cuarda i mBaile Dún na nGall ḃí cás ag Néillí Bean Uí Dudaí. Leitir Mac a' Ḃáird. ag iarraiḋ £600 damáiste de ḃarr gortú a fuair sí nuair a ṡleaṁnaiġ sí ins an ċlós den "Golden Gate," teaċ taḃairne i gCarraig ar an 28ú Bealtaine agus ṫug an Breiṫeaṁ ordú Cúirte fá ċoinne £238-19-6 le costasaí díṫe. Ċuaiġ sí isteaċ go dtí an teaċ taḃairne agus ċuir sí ċeist ar Ḃean 'ic Suiḃne cá raḃ an leiṫreas agus nuair a ḃí sí ag dul treasna an ċlóis go dtí an leiṫreas ṡleaṁnaiġ sí. Dúirt N. Ó Néill, B.L., fá treor S. S. Delap ar a son go raḃ cineál de ċalleanaġaċ glas ar na leacaċa ins an ċlós agus gur ar seo a ṫiṫ sí. Dúirt Bean Ṁic Suiḃne go ḃfaca sí Bean Uí Dudaí ag siú treasna an ċlóis agus a láṁa ina pócaí. Dúirt an Breiṫeaṁ go raḃ sé ceart go leor aici seo a ḋéanaṁ agus naċ raḃ neamart cuidiṫeaċ ar biṫ ins an ċeist. Ag taḃairt breiṫiúnais dúirt an Breiṫeaṁ gur ġlan muintir Ṁic Suiḃne an clós aċ nar ġlan siad maiṫ go leor é. San áit a raḃṫar ag taḃairt cuireaḋ don poḃal ṫeaċt isteaċ go gcaiṫfí ḃeiṫ cúramaċ naċ mbeaḋ dainséar ar biṫ ann.

Ard a' Raṫa

Coṁġáirdeaċas le Máiréad Ní Ṁórḋa, O.S., atá ceapṫa mar príoṁ oide ar Ḃeaċ, mar ċomarba Ḃean Ṡeáin Ṁic Giolla, O.S., Ard a' Ráṫa, a d'éiriġ as i mí Eanair. Ḃí Bean Uí Ṁórḋa ina príoṁ oide ar scoil náisiúnta Lorg na Saoraċ ins an Gaeltaċt le roinnt blianta.

Ḃí an siocan níos measa ins an ċeanntar seo ná ḃí le blianta fada agus is fada aroiṁe ó ḃí an Ḟarraige Ṁór siocaiṫe rud a ḃí i gCuan Luaċrais Ṁóir agus Luaċrais Ḃig le deiċ lá. B'éigean do na faoileogaí agus éanaċa farraige eile ġaḃáil isteaċ ar an talaṁ ar lorg bí.

Tá sean nós Naoṁ Bríde beo go fóill i gceantar Ard a' Ráṫa

raḃ teaġlaċ in Ard a' Ráṫa féin no san ṗaróiste ṫart timpeall nar ċoinniġ nós Ċros Ḃríde agus Dé Luain i gcuid mór de na scoltaċa rinne na scolairí a

1965 bliain Ṫírċonaill

,Tá dóċas ag árdú i gcroíṫe na gConallaċ, de réir mar téiḋ muid isteaċ san Ḃliain Úr. An ċéad ċluiċe a ḃí ag foireann Tír-ċonaill i mBaile Áṫa Cliaṫ, — cluiċe cáirdiúil le Baile Áṫa Cliaṫ féin — ḃí an lá coṁ holc agus go sílfeá naċ mbeaḋ mórán ag féaċaint, aċ ḃí sin ann slua maiṫ, agus ḃí tacaíoċt go leor le fáil ag Dún na nGall. Ba dóiliġ dul ag imirt ċor ar biṫ, aċ ḃí díogras i gceart insan dá ṫaoḃ agus d'éiriġ le Dún na nGall dul ċun tosaí ón tús. Aċ, ḃí idir díogras agus peil maiṫ ann, le bua a ṫaḃairt díoḃa le 3-9 le 3-5 ag Páirc Parnell. Ḃí Dún na nGall ar ḃárr ar fad san ċéad leaṫ, agus ag leaṫama b'é an scór a ḃí ann—2-8 le 0-2. Cé go raiḃ an bua tuillte go maiṫ ag Dún na nGall, h-obair díoḃa san dara leaṫ, nuair a ċuaiġ Baile Áṫa Cliaṫ ar an ionsaí, agus lean siad ag ionsaí pointe indiaiḋ pointe agus cúl indiaiḋ cúil, go raiḃ siad suas gar a ḃeiṫ coṫrom ag an deireaḋ.

San am céanna, is maiṫ an coṁarṫa é, agus tá an dóċas le feiceáil fríd Dún na nGall. Ḃí an dóċas le feiceáil Dé Domhnaiġ seo caiṫe ċoṁ maiṫ, nuair a ṫáinig cuid coṁairleoirí peile na condae le ċéile, an lá deireannaċ den ṁí seo caiṫe. Ḃí clár maiṫ oibre ós a gcoṁair, idir toġaḋ oifigeaċ agus deiġleáil le suas le daċad rún. Ċuaṫas fríd an ċuid is mó den ċlár. Is mór an trua an ċuid is mó de na teaċtaí a ḟeiceáil ag fágáil an halla sula mbíonn rúin pléite ⁊ an gnó críoċnaiṫe. Níor ṁiste do Cumann Lúṫ Ċleas Gael féaċaint ċuige dóiġ níos éifeaċtaí a ċeapaḋ le coṁḋáil a reaċtáil, san dóiġe go ndéanfaí an ḃótáil do na h-oifigí níos tapúla agus go dtaḃarfaí níos mó am do plé cuntas an rúnaí, cuntas an ċisteora agus na rúin. Ag an coṁḋáil, anseo a ba ċeart an dúṡraiṫe a leagan a ḟágas Dún na nGall ag breiṫ buaiḋe i mbliana. agus mar dúramar roiṁe, tá coṁarṫaí go leor ann gurḃ é 1965 bliain Dún na nGall insan peil, agus ní ḃeaḋ iontas ar biṫ orm dá ḃfeictí foireann sinsear Dún na nGall i bPáirc an Cróc-